

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 192/2019**an 10 Iúil 2019****lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2214]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 132 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2019 lena leasaítear Cinneadh C(2015) 8005 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le soiléiriú, comhchuibhiú agus simpliú, chomh maith le neartú, a dhéanamh ar bhearta slándála eitlíochta sonracha áirithe a neartú, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66hf (Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005) ón gCoimisiún d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘- **32019 D 0132**: Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 0132 ón gCoimisiún an 23.1.2019.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Iúil 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE**An tUachtarán*

Gunnar PÁLSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.